



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027

Achoimre Feidhmiúcháin

Ullmhaithe ag an Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
gov.ie

Clár ábhair

| | |
|--|----|
| Cúlra agus Fís | 3 |
| Comhthéacs an Bheartais | 6 |
| Modheolaíocht | 10 |
| Anailís agus Torthaí | 12 |
| Láidreachtaí Réigiúnacha agus Réimsí Deiseanna faoi S3 | 20 |
| Spriocanna agus Táirgí Straitéiseacha S3 | 23 |
| Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm S3 | 26 |

Cúlra agus Fís

Cúlra agus Fís

Is í an nuálaíocht — an próiseas chun oiriúnú ón sean go dtí an nua - príomhfhoinse an fháis eacnamaíoch agus an dul chun cinn shóisialta. Le blianta beaga anuas, tá an fás eacnamaíoch faoi stiúir na nuálaíochta dírithe níos mó agus níos mó ar athrú teicneolaíochta, digiteáil agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Tá ceapadh beartas geilleagrach na hÉireann curtha in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sin agus foilsíodh straitéisí le déanaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna mar Ghníomhú ar son na hAeráide, Intleacht Shaorga, Tionscal 4.0 agus Rannpháirtíocht Dhigiteach.

Mar sin féin, cé go bhfuil sé go breá ar an iomlán, tá fás geilleagrach na hÉireann míchothrom, agus roinnt réigiún ag streachailt le haistriú i dtreo deiseanna nua fáis. Tugtar chun suntais sna bearnaí réigiúnacha táirgiúlachta agus nuálaíochta nach rud uathoibríoch ar chor ar bith iad glacadh digiteach, scaipeadh eolais agus fás inbhuanaithe.

Chun na héagothromaíochtaí réigiúnacha sin a laghdú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíochta agus caighdeán beatha níos fearr a sholáthar do chách, tá sé tábhachtach riachtanais agus acmhainneacht réigiúnach na hÉireann a nascadh le ceapadh beartas nuálaíochta. Is é sin an bunús le haghaidh cur chuige Speisialtóireacht Chliste – próiseas dinimiciúil ón mbun aníos, áit-bhunaithe, a thugann le chéile gníomhaithe réigiúnacha agus náisiúnta chun deiseanna a aithint agus treo beartais amach anseo a mhúnlú. Tógann an Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-2027 ar an gcur chuige sin agus leagann sí béim ar réimse agus ar dhoimhneacht ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann, ag cumasú níos mó comhoibriú inmheánach, agus ag an am céanna tugann sí deis d'Éirinn léargas níos cuimsithí a thabhairt dár ngníomhaíochtaí go hidirnáisiúnta.

Cad is Speisialtóireacht Chliste ann?

Is coincheap beartas nuálaíochta é an Speisialtóireacht Chliste a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach a bhfuil sé mar aidhm leis borradh a chur faoin nuálaíocht réigiúnach, cur leis an bhfás agus leis an rathúnas trí chabhrú le réigiúin agus a chur ar a gcumas díriú ar a láidreachtaí. Cuirfidh sé sin tairbhí níos leithne chun cinn, lena n-áirítear fás atá bunaithe ar an nuálaíocht i réigiúin agus cur chun cinn samhlacha fáis inbhuanaithe.

Ár bhFís

Glacfaidh Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste le cur chuige réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N) na hÉireann. Cruthóidh sé ‘droichead’ idir forbairt na straitéise nuálaíochta réigiúnaí agus náisiúnta agus an chinnteoireacht, rud a fhágfaidh go mbeidh comhleanúnachas ag pleanáil TF&N a rachaidh chun tairbhe na fiontraíochta agus a chuirfidh chun cinn clár oibre TF&N go réigiúnach agus go náisiúnta.

Beidh ár Straitéis um Speisialtóireacht Chliste dírithe ar thionchar a bhaint amach i roinnt réimsí straitéiseacha náisiúnta a bhfuil fíorthábhacht ag baint leo má tá Éire chun clár oibre TF&N a chur chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta agus Éire níos nasctha go digiteach agus níos glaise a bhaint amach, a fhreastalaíonn ar ár muintir go léir. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta sin:

1. An digiteáil agus an claochlú digiteach.
2. An Claochlú glas don fhiontraíocht.
3. Leathadh na nuálaíochta.
4. Comhoibriú idirnáisiúnta ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N).
5. Feabhas a chur ar an gcóras náisiúnta nó réigiúnach taighde agus nuálaíocht fiontar.

Chabhraigh ullmhú Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste (S3) trí rannpháirtíocht fhairsing páirtithe leasmhara ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, mar aon lenár n-anailís ar thorthaí, le réimse spriocanna straitéiseacha agus táirgí inghnóthaithe ardleibhéil a shoiléiriú a nglacfar leo i mbeartas agus i gclár náisiúnta, agus i bhforbairt tionscnaimh nua. Scrúdaigh rannpháirtíocht S3 láidreachtaí réigiúnacha eacnamaíochta agus taighde freisin, mar aon le réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Déanfar monatóireacht ar an S3 seo agus cuirfear i bhfeidhm é trí phróiseas il-leibhéil ina mbeidh páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha rannpháirteach. Dá réir sin, bunófar grúpa náisiúnta cur chun feidhme atá freagrach as S3 a bhainistíú lena chinntiú go gcomhlíonfar na critéir chumasúcháin uile ar an leibhéal náisiúnta, agus go sainaithneofar struchtúir rialachais agus faireacháin S3, mar aon le ról na leasanna réigiúnacha laistigh de speisialtóireacht chliste. Tabharfaidh sé sin luach breise don phróiseas S3 freisin trí aon bhearnaí idir beartais náisiúnta agus réigiúnacha a líonadh.



Comhthéacs an Bheartais

Comhthéacs an Bheartais

Comhthéacs Eacnamaíoch Náisiúnta do S3

Feidhmíonn Speisialtóireacht Chliste laistigh de chomhthéacs reatha eacnamaíoch agus nuálaíochta na hÉireann agus is ar an mbonn náisiúnta sin a thógann sí a tosaíochtaí.

Tá ceann de na geilleagair is oscailte san AE ag Éirinn. Tá seirbhísí dlútheolais agus déantúsaíocht ardteicneolaíochta ina bpríomhspreagthóirí don gheilleagar agus stiúran Rialtas na hÉireann an treo seo chun rath geilleagrach na tíre a ghiniúint agus tógáil air. Tá sé léirithe ag Éirinn go bhfuil sí ag teacht ar ais go láidir ó ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2007-2008 agus tá cuma na maitheasa ar a téarnamh eacnamaíoch iar-COVID. Is í Éire an tír is éifeachtúla T&F san Eoraip freisin, agus í ag giniúint níos mó aschur nuálaíochta in aghaidh an euro de chistí poiblí a infheistítear ná aon tír eile¹.

Mar sin féin, tá roinnt príomhdhúshláin eacnamaíocha agus nuálaíochta ag Éirinn nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa tréimhse amach romhainn. Tuairiscítear go forleathan nach bhfuil FBManna na hÉireann ag feidhmiú go leordhothánach i dtaca le TF&N i gcomparáid lena gcomhghleacaithe san AE a bhfuil geilleagair chomhchosúla acu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás tháirgiúlacht FBManna, a thugtear a bheith in easnamh ó thaobh tionchair de i gcoibhneas le hinfheistíocht TF&N, cé gur tugadh athrú dearfach faoi deara ó 2018 go 2019. Tá spleáchas trom ar chaidreamh le cuideachtaí ilnáisiúnta agus ar fheidhmíocht na gcuideachtaí sin. Tá ceirtleáin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí i bhfad níos fearr ná feidhmíocht gheilleagrach agus TF&N níos leithne na tíre le gnólachtaí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh ar lú an seans go dtabharfaidh siad nuálaíochtaí táirgí/seirbhíse isteach. Ina theannta sin, léirigh tionchar diúltach phaindéim COVID-19 athruithe struchtúracha níos fadtéarmaí atá os comhair an lucht saothair, amhail an digiteáil agus athruithe earnála.

I measc na saincheisteanna eile tá íogaireacht na hÉireann i leith forbairtí i slabhraí luacha domhanda i bhfianaise a spleáchais réasúnta ard ar ionchuir a tháirgtear thar lear i dtáirgeadh intíre earraí le haghaidh onnmhairí; leochaileacht na hÉireann i leith suaití seachtracha, amhail athruithe ar an gcóras cáin chorparáide domhanda agus tionchar leanúnach an Bhreathimeachta; agus dúshláin leanúnacha leis an digiteáil. In ainneoin laghdú 4.5% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2019, tugann na figiúirí le fios go sáróidh Éire a leithdháileadh bliantúil astaíochtaí AE 2019 faoi 6.98Mt, rud a fhágann nach dócha go gcomhlíonfaidh sí a spriocanna foriomlána do 2020, fiú agus tionchar COVID-19 ar astaíochtaí in 2020 á mheas.

Tá brí leis na saincheisteanna sin ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Fágann sé sin go bhfuil planáil athléimneachta níos tábhachtaí fós, go háirithe chun an creat straitéiseach a athnuachan atá mar bhonn agus taca ag cur chuige TF&N agus S3 na tíre.

1. Ár dTodhchaí a Mhúnlú - Straitéis Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2025; Eurostat - Leithdháiltí buiséid rialtais do T&F (GBARD) 2021

Comhthéacs Nuálaíochta Náisiúnta agus Tosaíochtaí Beartais TF&N do S3

Mhéadaigh Éire a hinfheistíocht in TF&N le deich mbliana anuas, agus thug sí isteach réimse beart freisin chun tráchtálú taighde a fheabhsú agus naisc láidre a thógáil idir an earnáil ardoideachais agus an fhiontraíocht. Tá méadú 79% tagtha ar infheistíocht fhoriomlán na hÉireann in T&F ó €2,564 milliún in 2011 go dtí €4,595 milliún measta in 2020. Tá caiteachas poiblí ar T&F ag méadú agus d'ardaigh sé go €866.8 milliún in 2020, arb ionann é agus méadú €148 milliún ó 2016. Meastar gurb ionann leithdháiltí rialtais do 2021 agus €949.1 milliún, a bheidh ar an leibhéal is airde caiteachas poiblí ar T&F i stair an Stáit. Mar sin féin, tá Éire rangaithe i bhfad faoi bhun mheán an AE do leithdháiltí buiséid an Rialtais ar T&F (GBARD) mar chéatadán de Chaiteachas an Rialtais. Tá leathnú tagtha freisin ar an mbearna idir Éirinn agus meán an AE i scórchlár Nuálaíochta na hEorpa le deich mbliana anuas, go háirithe idir Éirinn agus na ceannairí nuálaíochta.

I measc na straitéisí agus na bpleananna ábhartha a bhfuil fócas náisiúnta agus réigiúnach ag baint leo tá Tionchar 2030: Straitéis na hÉireann um Thaighde agus Nuálaíocht, an Plean Forbartha Náisiúnta, an Plean Náisiúnta Téarnamh Geilleagrach, Fiontraíocht 2025 Athnuaite, Plean Fáis FBM agus Fiontraíochta, Leas a bhaint as an nGné Dhigiteach - An Creat um Éirinn Dhigiteach, an Straitéis Náisiúnta IS, Straitéis Tionscail 4.0, Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025, na Pleananna Fiontair Réigiúnacha, na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Soláthraíonn S3 na hÉireann creat a ghíarálann na straitéisí agus na pleananna sin, mar aon leis na bealaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus na struchtúir feidhmithe a bhaineann leo, ag leibhéal spásúla éagsúla.

Go ginearálta, i bhfianaise scála geografach réasúnta beag na hÉireann, mar aon leis an bpríomhfócas ar bharr feabhais aschuir agus an tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a uasmhéadú, rinneadh ár dtosaíochtaí bonneagair T&F agus ár straitéisí infheistíochta a shocrú ar leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá áiseanna tábhachtacha, amhail na hOllscoileanna Teicneolaíochta nua, Ionaid Teicneolaíochta, Geataí Teicneolaíochta agus Ionaid Taighde, lonnaithe ar fud na hÉireann agus tacaíonn siad le láidreachtaí réigiúnacha agus le deiseanna amach anseo. Sainithnítear in S3 na láidreachtaí agus na réimsí deiseanna ar leith a eascraíonn as na líonraí réigiúnacha sin a bhfuil peirspictíocht ón mbun aníos acu.

Comhthéacs Eorpach do S3

Forbraíodh Speisialtóireacht Chliste in 2007 mar chur chuige Eorpach maidir le beartas taighde agus nuálaíochta i gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) agus é mar chuspóir 3% de OTI AE a chaitheamh ar T&F. D'fhorbair cineálacha cuir chuige i leith Speisialtóireacht Chliste thar na blianta le huirlisí treorach agus straitéiseacha arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach chun cabhrú le tíortha agus le réigiúin a dtosaíochtaí nuálaíochta straitéiseacha a shainaithint. Tá roinnt comhlántachtaí tábhachtacha ag S3 le cláir agus le beartais AE. Áirítear orthu sin Beartas Comhtháthaithe an Aontais, an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, an Comhaontú Glas don Eoraip agus Fís Eorpach.

Critéir Chomhlíonta Eorpacha le haghaidh S3

Ó chlárthréimhse 2014-2020 i leith, is réamhriachtanas é Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um Speisialtóireacht Chliste a fhorbairt chun cistiú a fháil ó Chiste Forbraíocht Réigiúnach na hEorpa (CFRE). Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfaidh S3 na critéir chun go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach leis. Tá na critéir chomhlíonta le haghaidh S3nna le linn thimthriall 2021-2027 leagtha amach i bpacáiste reachtach an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe agus tugtar achoimre thíos orthu:

1. Anailís chothrom le dáta ar scrogaill le haghaidh scaipeadh nuálaíochta, lena n-áirítear digiteáil;
2. Institiúid nó comhlacht inniúil réigiúnach / náisiúnta a bheith ann atá freagrach as bainistiú S3;
3. Uirlisí faireacháin agus meastóireachta chun feidhmíocht a thomhas i dtreo chuspóirí na straitéise;
4. Feidhmiú chomhoibrithe na ngeallsealbhóirí (An Próiseas Fionnachtana Fiontraíochta);
5. I gcás inar ábhartha, gníomhaíochtaí is gá chun córais taighde agus nuálaíochta náisiúnta nó réigiúnacha a fheabhsú;
6. I gcás inar ábhartha, gníomhaíochtaí chun an t-aistriú tionsclaíoch a bhainistiú;
7. Bearta chun feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe lasmuigh de Bhallstát ar leith i réimsí tosaíochta a fhaigheann tacaíocht ó S3.

Dearadh an mhodheolaíocht S3 seo chun na spriocanna seo a chomhlíonadh.

Tá sé ráite ag an gCoimisiún Eorpach gur cheart do S3 tosaíochtaí cistiúcháin TF&N do CFRE a chinneadh. Tá sé tábhachtach gur tosaíochtaí TF&N úrnua a aithnítear agus nach ndíríonn siad ar na gníomhaíochtaí leanúnacha céanna a mhaoiniú, go bhféachfaí, ina ionad sin, ar an gcaoi chun claoclú speisialtóireachtaí earnála a shainaithnítear in S3 a chumasú.

Modheolaíocht



Modheolaíocht

D'úsáid Éire próiseas comhairliúcháin dhá chéim (próiseas fionnachtana fiontraíochta) le haghaidh S3. Ar leibhéal réigiúnach, rinneadh Speisialtóireacht Chliste a chomhtháthú mar réimse téamach sa phróiseas comhairliúcháin chun na Pleananna Fiontair Réigiúnacha (PFRanna) nua a fhorbairt go dtí 2024 agus tá sí mar chuid de na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSEna) reachtúla. Reáchtáladh comhairliúcháin chéim a haon mar chuid de phróiseas na PFRanna sna naoi gceantar NUTS 3, rud a thug léargas áitiúil ar thosaíochtaí réigiúnacha. I gcomhairliúchán ar líne chéim a dó, tarraingíodh isteach príomhpháirtithe leasmhara nuálaíochta nach ndearnadh ionadaíocht orthu ag Coistí Stiúrtha na PFRanna agus thug sé sin léargais níos leithne. Breithníodh go leor staidéar agus doiciméid bheartais le déanaí i gcomhthéacs na straitéise seo freisin. Tarraingíonn S3 torthaí ábhartha na mbeartas seo le chéile, chomh maith leis na léargais a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin dhá chéim.

Rinne grúpa stiúrtha de phríomhpháirtithe leasmhara rialtais maoirseacht ar an bpróiseas seo, ag soláthar rialachas S3 le linn chruthú na straitéise. Áiríodh ar ról an ghrúpa stiúrtha a chinntiú gur comhlíonadh na critéir uile le haghaidh S3, lena sainaithníodh struchtúir mhonatóireachta S3, mar aon le leasanna réigiúnacha agus náisiúnta laistigh de S3, agus ar an gcaoi sin aon bhearna idir beartais náisiúnta agus réigiúnacha a dhúnadh.

Anailís agus Torthaí

Anailís agus Torthaí

I gcomhréir leis na critéir chomhlíonta a leag an Coimisiún Eorpach síos, sainithníodh an méid seo a leanas mar thosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta do S3 (gné an aistriú thionsclaíoch de na ceanglais á roinnt ina gclaoclú digiteach agus ina gclaoclú glas):

1. An digiteáil agus an claoclú digiteach (lena dtugtar aghaidh ar chritéir chomhlíonta 1 agus 6);
2. An claoclú glas don fhiontraíocht (lena dtugtar aghaidh ar chritéir chomhlíonta 6);
3. Scaipeadh nuálaíochta (lena dtugtar aghaidh ar chritéir chomhlíonta 1);
4. Comhoibriú idirnáisiúnta ar TF&N (lena dtugtar aghaidh ar chritéir chomhlíonta 7);
5. Feabhas a chur ar an gcóras náisiúnta taighde agus nuálaíochta frontar (lena dtugtar aghaidh ar chritéir chomhlíonta 5).

Digiteáil agus an Claoclú Digiteach

Tagraíonn digiteáil d'úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, sonraí agus feidhmchlár chun dul chun cinn scála, táirgiúlachta agus nuálaíochta a sholáthar in earnálacha seanbhunaithe agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn araon. Le blianta beaga anuas, tá Éire ina comhlíontoir digiteach láidir agus í ag feabhsú go seasta san Eoraip. Tá Éire sa chúigiú háit as 27 mBallstát AE san Innéacs um Gheilleagar Digiteach agus Sochaí Dhigiteach (DESI) 2021.

I measc na ndúshlán don digiteáil tá infheistíocht níos mó ó fhiontair i dtaighde, forbairt, nuálaíocht agus scileanna digiteacha a spreagadh. Éilíonn sé freisin straitéisí nua gnó chun claoclú digiteach a threorú, chomh maith le foirne speisialaithe a bhunú chun leas a bhaint as deiseanna a thiocfaidh chun cinn.

Tá go leor beartas agus tionscnamh ann a thacaíonn leis an digiteáil in Éirinn cheana féin. Áirítear orthu sin an Plean Náisiúnta Leathanbhanda, Straitéis Tionscail 4.0, an Straitéis Náisiúnta IS, an Straitéis Náisiúnta Chibearshlánda 2019-2024, an Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, Plean Straitéiseach CBT 2023-2027, na Moil Nuálaíocht Dhigiteach Eorpacha atá le teacht, go leor clár FÉ, an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, Ionaid Teicneolaíochta FÉ/GFT agus Geataí Teicneolaíochta FÉ, Ionaid Taighde FEÉ, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Lárionad Inniúlachta EuroHPC, an tArdán Foghlaim Chandamach agus na naoi bhFóram Scileanna Réigiúnacha.

Torthaí an Chomhairliúcháin

Thángthas ar chomhaontú ginearálta go bhfuil go leor fós le baint amach chun leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha in earnáil na monaraíochta agus i measc FBManna nach bhfuil na scileanna digiteacha riachtanacha acu chun a bheith ar thús cadhnaíochta i nglacadh le teicneolaíochtaí nó a bheith in ann gníomhú mar cheannairí ar an athrú digiteach. Is féidir freisin feabhas breise a chur ar ghlacadh digiteach, nuálaíocht agus fiontraíocht ar fud frontar, idir bheag agus mhór. Príomhdúshlán a d'fhéadfadh teacht chun cinn is ea píblíne iomchuí scileanna agus saíneolais a chinntiú chun freastal ar éileamh reatha, chomh maith leis an todhchaí, ar éileamh mhargadh an tsaothair i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn.

Go ginearálta, bhraith páirtithe leasmhara, cé go raibh tacaíochtaí poiblí suntasacha i réimse na digiteála, gur ghá díriú níos mó ar scileanna digiteacha agus ar an réimse tairiscintí atá ar fáil d'fhiontar a shimplíú. Moladh agus pléadh tograí sonracha freisin, amhail boscaí gainimh rialála, na Moil Nuálaíocht Dhigiteach Eorpacha atá ar na bacáin agus an tIonad Teicneolaíochta Tógála nua.

Braitear go gcaithfear rochtain bhreise ar dheiseanna digiteacha a chur chun cinn agus lucht frontar gafa trí mheicníochtaí bríocha chun seachadadh na ngníomhartha sin a chinntiú. Ní mór infheistíocht a bheith ann freisin i dtionscnamh agus i

mbonneagar straitéiseach comhtháite a thacóidh le tuilleadh tuisceana, scaipeadh teicneolaíochta, scileanna agus forbairt oiliúna, mar aon le tráchtálú taighde chun nuálaíocht agus infhostaitheacht a fheabhsú ar fud na n-earnálacha agus na réigiún.

Tacú leis an Digiteáil Leanúnach agus leis an gCaochlú Digiteach le S3

I gcomhthéacs na Speisialtóireachta Cliste, áit a bhfuil tionscnaimh náisiúnta ceaptha chun leas a bhaint as láidreachtaí réigiúnacha, chomh maith le leas a bhaint as deiseanna cóineasaithe idir earnálacha neamhionanna tionscail, tá sé ríthábhachtach teorainneacha oibríochtúla dea-mhapáilte agus sainorduithe atá leagtha amach go soiléir a bheith ann i measc geallsealbhóirí. Tugann tionscnaimh bhraisliithe go leor féidearthachtaí chun gníomhú mar chatalaíoch d'fhás gnó trí bhunú gnó-le-gnó, chomh maith le tionscnaimh ó ghnó go hionad gnó TF&N. Cuireann an líonra náisiúnta d'ionaid TF&N acmhainní éagsúla ar fáil ar fud speictream an leibhéil ullmhachta teicneolaíochta (TRL) agus cuireann gníomhaireachtaí Rialtais meicníochtaí tacaíochta ar fáil chun an riosca airgeadais a bhaint ó infheistíochtaí straitéiseacha. Chun spriocanna S3 a bhaint amach, tá sé riachtanach sainorduithe agus comhordú sainithe a bheith agat maidir leis na meicníochtaí atá deartha chun leas a bhaint as na deiseanna féideartha a bhaineann leis an digiteáil.

Cuimseoidh na meicníochtaí sin Future Manufacturing Ireland, braislí, Moil Nuálaíocht Dhigiteach Eorpacha, moil chianoibre agus spriocanna na straitéise IS. Cuirfidh comhordú feabhsaithe idir na sásraí reatha seo agus tacaíochtaí nua arna maoiniú ag CFRE oiriúnú agus imlonnú teicneolaíochtaí digiteacha chun cinn.

Claochlú Glas don Fhiontraíocht

In 2018, bhí an tríú hastaíochtaí gás ceaptha teasa per capita is measa san AE ag Éirinn ag 12.6 tonna de choibhéis dé-ocsaíd charbóin per capita. Bhí astaíochtaí na hÉireann 53% níos airde ná hmeán AE 28 meán de 8.2 tonna². Tá an earnáil fiontraíochta freagrach as 12.9% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána na hÉireann, agus cuideachtaí móra a úsáideann fuinneamh (alúmana, stroighin, bia, cógaisíocht) atá ag feidhmiú i scéim trádála astaíochtaí (ETS) an AE is ea a bhformhór³.

Rannchuidíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) le spriocanna an Rialtais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 agus le neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050. Tugtar breac-chuntas i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 ar chéimeanna chun astaíochtaí ón earnáil fiontraíochta a laghdú mar chuid dá tiomantas do chuspóir córas fuinnimh neodracht charbóin a bhaint amach.

Mar chuid dá straitéis forbairt réigiúnach, spreagfaidh RFTF agus a ghníomhaireachtaí infheistíochtaí inbhuanaithe nua sna réigiúin agus cuirfidh siad fás na gníomhaíochta fiontraíochta chun cinn agus béim á leagan ar an gclár oibre glas. Mar chuid d'fhorbairt na naoi bPlean Fiontar Réigiúnacha go dtí 2024, bhí gníomhú ar son na haeráide agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin ina bpríomhthéamaí ag comhairliúchán le páirtithe leasmhara i ngach réigiún. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta rannchuidiú le hiarracht ar théarnamh inbhuanaithe, cothrom, glas agus digiteach. Bainfear é sin amach trí dheontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn amhail dlús a chur le dícharbónú na hearnála fiontraíochta agus Clár Náisiúnta Mórdhúshlán a thabharfaidh aghaidh ar an athrú aeráide.

Faoi 2030, beidh céimeanna suntasacha glactha ag Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide, atá ag cur sláine ár dtodhchaí ar an bpláinéad seo i mbaol, trínár gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath le linn na ndéich mbliana.

2. Táscairí Comhshaoil Éire 2020 POS

3. Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Deiridh na hÉireann 1990-2020 - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Le blianta beaga anuas, forbraíodh roinnt tionscnamh chun tacú le frontair ina n-aistriú glas. Ní hamháin go soláthraíonn RFTF agus a gníomhaireachtaí iad seo, ach tá siad á soláthar freisin ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). I measc cuid de na cláir is suntasaí do TF&N fiontraíochta tá cláir éagsúla FÉ, lena n-áirítear an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide; Ionaid Teicneolaíochta FÉ/GFT agus Geataí Teicneolaíochta FÉ, lena n-áirítear an tIonad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta, IMR agus CREDIT; Ionaid Taighde FEÉ, lena n-áirítear BiOrbic, MaREI agus VistaMilk; Tacaíochtaí OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil), amhail Green for Micro; Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Acadamh Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Deontais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus dreasachtaí cánach, oiliúint Skillnet agus Springboard+; agus Origin Green Bhord Bia. Ina theannta sin, áiríodh sa tríú glao le déanaí ar an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) "Tionchar Eacnamaíoch agus Inbhuanaitheacht" mar chritéar nua le haghaidh roghnúcháin.

Torthaí an Chomhairliúcháin

Comhaontaíodh i ngach aighneacht go gcaithfidh Éire samhail gheilleagrach níos inbhuanaithe a fhorbairt ó thaobh an chomhshaoil de. Le hinfheistíocht mhéadaithe agus bearta spriocdhírthe cliste, tá an deis ag Éirinn a bheith ina ceannaire domhanda i bhfrontar inbhuanaithe agus i nuálaíocht ghlas.

Leag roinnt aighneachtaí béim ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite mar phríomhréimse deiseanna do réigiúin. San fhadtárma, chonacthas deiseanna suntasacha easpórtála i roinnt aighneachtaí sa réimse seo agus, mar shampla, dáileadh sholáthar gaoithe eischósta barrachais na hÉireann amach anseo ar Mhór-Roinn na hEorpa, chomh maith le giniúint agus stóráil hidrigine ar scála idirnáisiúnta. Ba thábhachtach freisin go mbeadh gá le hinfheistíocht in TF&N chun aghaidh a thabhairt ar réimsí nach bhfuil réitigh ann dóibh cheana féin toisc go mbeidh tionscail nua sa toadhcháir mar thoradh ar infheistíocht leordhóthanach. Áirítear ar na réimsí sin fuinneamh geoiteirmeach, bainistiú fuinnimh agus teicneolaíochtaí stórála, gléasraí táirgthe hidrigine, tionscal agrairbhia dícharbónaithe atá seasmhach ó thaobh na haeráide de le haghaidh táirgeadh bia inbhuanaithe, forbairt feithiclí uathrialaitheacha, tógáil inbhuanaithe, agus an geilleagar ciorclach.

Mar sin féin, sainaithnítear roinnt dúshlán don aistriú glas in S3 agus in áiteanna eile. Áirítear orthu sin costas na mbearta dícharbónaithe, easpa eolais agus an t-easnamh scileanna sa gheilleagar ísealcharbóin. I measc na mbearta a moladh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin tá TF&N spriocdhírthe, dreasachtaí airgeadais agus deiseanna oiliúna nua. I measc na dtacaíochtaí eile dá dtagraítear in aighneachtaí bhí gearáil a dhéanamh ar bhraislí agus ar shaineolas tionscail atá ann cheana chun cabhrú le gnólachtaí táirgí agus seirbhísí ciorclacha nua a fhorbairt, chomh maith le taighde a dhíriú ar bhealaí chun na costais a bhaineann le réitigh theicneolaíochta inmharthana ach thoirmeascacha ar dhúshláin chomhshaoil amhail hidrigin agus táirgí agus breoslaí ard-bhithbhunaithe a laghdú. Ar scála níos áitiúla, beidh sé tábhachtach leas a bhaint as an bhféidearthacht atá ann do thionscadail fuinnimh in-athnuaite tráchtála agus phobail a d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a thabhairt do phobail áitiúla agus d'fhiontair ó fhuinneamh ísealchostais a sholáthar chun iomaíochas eacnamaíoch a fheabhsú.

Tacú le Claohlú Glas Leanúnach le S3

Sna blianta amach romhainn, de dheasca tionchar luasghéaraithe astaíochtaí gás ceaptha teasa ar ár n-aeráid, is suntasach an t-athrú a thiocfaidh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn gach geilleagar domhanda le treochtaí den sórt sin a éileoidh ar lucht déanta beartas mórathruithe beartais agus reachtacha a sholáthar a éascóidh toadhcháir ísealcharbóin - agus ar deireadh - ceann saor ó charbón ar fad. Mar thoradh ar threochtaí den sórt sin, is dócha gurb iad an geilleagar ísealcharbóin agus na fo-earnálacha gaolmhara is fearr atá in ann mais chriticiúil a bhaint amach sna seacht

mbliana amach romhainn. Is tosaíocht leathan é an clochlú glas don fhiontraíocht agus, go háirithe i gcás na hÉireann, gearrfaidh sé thar earnálacha agus teorainneacha.

Chun tacú leis sin, cuideoidh S3 le deiseanna maoinithe a ghiairíl trí na chéad chlár eile de chuid CFRE 2021-2027 chun tacaíocht airgeadais neartaithe a thabhairt d'fhiontair chun a n-astaíochtaí carbóin a laghdú agus teicneolaíochtaí cliste a chomhtháthú le haghaidh próisis carbóin níos ísle. Tacóidh sé freisin le fiontair a bheith ag feidhmiú ó fhoirgnimh charbóin níos ísle (iarfheistiú), comhtháthóidh sé bonneagar glas agus réitigh dearaidh dhúlra-bhunaithe laistigh dá sócmhainní réadmhaoine agus láithreáin, chomh maith le hoibríthe oílte a fhorbairt agus iad a fháil chun obair a dhéanamh laistigh de thionscail ghlasa.

Tacaíonn S3 thar a shaolré le spriocanna roinnt straitéisí agus clár eile freisin. Ina measc sin tá Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025, Fís don Bhia 2030, an Clár Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste an AE um Aistriú Cóir agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021. Aithníonn S3 freisin na deiseanna a chuirtear ar fáil do chomhoibriú uile-oileáin sa réimse seo agus d'acmhainneacht na réigiún comhoibriú i ngníomhaíochtaí clochlú glas trasteorann.

Scaipeadh na Nuálaíochta

Ní hamháin go dtarlaíonn nuálaíocht trí eolas a chruthú, mar shampla trí thaighde agus forbairt, ach freisin trí fhoghlaim ó dhaoine eile. Cumasaíonn próisis foghlama den sórt sin scaipeadh nó cur ar aghaidh na nuálaíochta a d'fhéadfadh cabhrú, ar a seal, le cuideachtaí, le réigiúin nó le tíortha teacht suas le leibhéal táirgiúlachta níos airde. Tá scaipeadh na nuálaíochta thar a bheith tábhachtach do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta agus léiríonn sé an próiseas trína mbaillíonn na gnólachtaí sin eolas, faisnéis agus nuálaíochtaí ón taobh amuigh agus trína n-úsáideann siad iad chun a gcuid táirgí nó a próisis nuálacha féin a thabhairt isteach. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, do spriocanna S3.

Faigheann scaipeadh na nuálaíochta tacaíocht ó bhunchoinníollacha creata, lena n-áirítear na caighdeáin agus an timpeallacht rialála le tacaíocht ó NSAI, timpeallacht na maoine intleachtúla, rochtain ar thacaíocht airgeadais, bonneagar TF&N, Ionaid Teicneolaíochta FÉ/GFT agus Geataí Teicneolaíochta FÉ, Gorlann Champas FÉ, Ionaid Taighde FEÉ agus Institiúidí Náisiúnta TF&N, saoráidí Píolótacha & Taispeántais Teagasc (mar shampla, An Chloch Liath, An Ghráinseach, Baile an Ásaigh, Páirc na Darach), eagraíochtaí idirghabhálacha (lena n-áirítear FÉ, GFT, KTI, OFÁna, FEÉ, an tIonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach agus braislí agus líonraí gnó) agus cainéil (lena n-áirítear comhoibriú gnó acadúil, soghluaisteacht taighdeoirí agus seirbhísí gnó dianeolais).

In ainneoin na dtacaíochtaí sin, tá bacainní fós ann maidir le scaipeadh na nuálaíochta in Éirinn. Ina measc sin tá easpa comhoibríthe idir fiontair dhúchasacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta in TF&N; leibhéal íseal infheistíochta i ngníomhaíochtaí T&F ag fiontair dhúchasacha; leibhéal ísle chaiteachas poiblí T&F; easpa feasachta ar thionscnamh chreidmheas cánach T&F agus ar thacaíochtaí TF&N i measc FBManna; agus castacht thimpeallacht tacaíochta TF&N.

Torthaí an Chomhairliúcháin

D'aontaigh gach aighneacht gur cosúil, go ginearálta, go bhfuil gaol maith idir institiúidí ardoideachais/taighde agus comhlachtaí ilnáisiúnta. Mar sin féin, chuirfeadh roinnt tacaíochtaí agus bearta breise tuilleadh feabhais ar an timpeallacht seo. Áirítear orthu sin tacaíochtaí a leathnaíodh chun cur le hacmhainneacht na hearnála tríú leibhéal dul i mbun gníomhaíochtaí aistrithe eolais; píblíne láidir thallainne; bealaí iolracha le haghaidh comhoibríthe; agus comhoibriú níos fearr idir comhlachtaí ilnáisiúnta agus FBManna dúchasacha, lena n-áirítear trí bhraislí.

I measc na mbeart eile a sainiúidh tá maoiniú leanúnach na nOifigí Aistrithe Teicneolaíochta (OATnna) sna hInstitiúidí Ardoideachais (IAOnna) faoin Tionscnamh um Nearthú Aistrithe Teicneolaíochta (TTSI); úsáid mhéadaithe a bhaint as comhaontuithe teimpléid náisiúnta chun conraitheoireacht le IAOnna a shimpliú agus a bhrostú, chomh maith le níos mó comhsheasmhachta a thabhairt do chomhlachtaí agus do nuálaithe; tacú le bailiú agus foilsiú faisnéise faoi na saoráidí, an trealamh agus na tacaíochtaí atá ar fáil do chomhlachtaí chun rochtain a fháil laistigh den bhonn taighde tríú leibhéal agus Státmhainithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach; an gá atá le hacmhainneachtaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a eagrú i limistéir réigiúnacha agus an phróifíl a ardú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; leanúnachas comhoibrithe acadúla tionscail thar thionscadal críochnaithe chun cabhrú le comhlachtaí nuálaíochtaí tionscadail a thabhairt chun margaidh; agus creidmheasanna cánach T&F a leathnú chun réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí nuálaíochta a chlúdach.

Tacú le Scaipeadh Nuálaíochta le S3

Trí chomhoibriú ghrúpa forfheidhmithe náisiúnta S3, ionstraimí maoinithe nua a fhorbairt trí CFRE agus cur le Tionchar 2030: Straitéis na hÉireann um Thaighde agus Nuálaíocht, spreagfaidh S3 scaipeadh nuálaíochta feabhsaithe agus léireoidh sé sainriachtanais eárnála TB&N na réigiún i gcomhráite náisiúnta.

Oibreoidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 le c comhlachtaí i dtreo comhordú agus scálú institiúidí taighde in Éirinn d'fhonn acmhainn a mhéadú, tacú le hAistriú Eolais Éireann (KTI) trí CFRE chun aistriú eolais a leabú laistigh den chóras taighde poiblí agus an gá atá le scileanna fiontraíochta agus taighde a fhorbairt a chur chun cinn chun tacú le tráchtálú TF&N.

Comhoibriú Idirnáisiúnta do TF&N

Uasmhéadaíonn comhoibriú idirnáisiúnta tionchar na hinfheistíochta idirnáisiúnta agus náisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht. Cuireann sé le forbairt na hÉireann mar chomhpháirtí taighde agus fiontraíochta, ag cur béim ar fheabhas ár gcórais taighde agus nuálaíochta agus ag feabhsú na sármhaitheasa agus ag éascú rannpháirtíochta le diaspora na hÉireann. Príomhghné de rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhoibriú idirnáisiúnta is ea rannpháirtíocht a cuid taighdeoirí agus fiontar i gCreatchláir an AE um Thaighde agus um Nuálaíocht. D'éirigh go maith le hÉirinn maoiniú iomaíoch a bhuanach faoi na Cláir seo, a bhfuil a bhformhór faighte ag ár gcuid IAOnna, agus tá an chothromaíocht á buachan ag comhlachtaí fiontraíochta agus poiblí.

Tá freagracht bheartais ar RBATNE as formhór thionscnaimh chomhoibrithe idirnáisiúnta TF&N na hÉireann. Tá méadrachtaí, spriocanna agus gníomhartha nua do na tionscnaimh sin leagtha amach in Tionchar 2030: Straitéis na hÉireann um Thaighde agus Nuálaíocht

Tá go leor tacaíochtaí agus clár ann a théann i mbun iarrachtaí idirnáisiúnta agus comhoibríochta agus a thacaíonn le fiontar agus le taighdeoirí agus iad ag iarraidh é sin a dhéanamh. Áirítear orthu sin rannpháirtíocht i gcreatchláir T&N an Aontais, lena n-áirítear Fís Eorpach agus Interreg Europe; comhoibriú déthaobhach le tíortha, lena n-áirítear comhpháirtíocht SAM-na hÉireann; réimse tionscnaimh agus gníomhaireachtaí uile-oileáin, lena n-áirítear InterTradelreland, cláir FEÉ, cláir ÚAO, INTERREG VA agus PEACEPLUS; réimse clár a dhíríonn ar fhiontar, lena n-áirítear EUREKA, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Moil Nuálaíocht Dhigiteach Eorpacha, EuroHPC, EuroCC, an tArdán Comhair do Bhraislí Fiontar Eorpacha agus Tionscadail Thábhachtacha chun Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna).

Tá Éire ina ball freisin de roinnt eagraíochtaí taighde idirnáisiúnta lena n-áirítear Réadlann Dheisceart na hEorpa, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, COST, CECAM, EOSC, ELIXIR agus LOFAR.

Torthaí an Chomhairliúcháin

Go ginearálta, is dearfach a bhí na haighneachtaí faoi bhuntáiste iomaíoch na hÉireann i gcomhoibriú idirnáisiúnta ar TF&N. Léirigh roinnt aighneachtaí a thábhachtaí agus a bheidh sé díriú ar réimsí a bheidh tábhachtach d'Éirinn amach anseo mar athrú aeráide, giniúint leictreachas eischósta agus dícharbónú, mar aon le réimsí eile a mbeidh impleachtaí suntasacha idirnáisiúnta acu mar innealtóireacht chandamach agus táirgeadh micreaphróiseálaithe. Cuireadh rannpháirtíocht mhéadaithe frontar Éireannach in IPCEInna in earnálacha ceannródaíocha chun tosaigh i roinnt aighneachtaí.

Leagadh béim ar an ngá go nglacadh Éire le réimse níos mó roghanna maoinithe agus cómhaoinithe i gcomhoibriú taighde idirnáisiúnta, go háirithe leis an gcomhaontú le déanaí maidir le buiséad téarnaimh AE de €1.8 trilliún curtha in áirithe chun tacú le hinfheistíocht.

Ag Tacú le Comhoibriú Idirnáisiúnta le S3

Tá sé beartaithe, thar shaolré na straitéise seo, go n-oibreoidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 chun deiseanna a shainaithint chun comhoibriú agus sineirgí a thógáil le tíortha eile i réimse frontair TF&N. Den chéad uair, tabharfaidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 lucht déanta beartas réigiúnach agus náisiúnta le chéile i réimse frontair TF&N, rud a dhruidfidh an bhearna a bhí ann roimhe seo i gceapadh beartais na hÉireann. Tá sé beartaithe go mbeidh torthaí níos fearr agus níos comhleanúnaí mar thoradh air seo do rannpháirtíocht na hÉireann i gclár AE agus idirnáisiúnta agus go dtiocfaidh moltaí ar leibhéal réigiúnach chun cinn sa spás náisiúnta ceaptha beartas.

An Córas Náisiúnta um Thaighde agus Nuálaíocht Fiontar a Fheabhsú

Meastar gur nuálaí láidir í Éire⁴; mar sin féin, tá deis shuntasach ann le feabhsú. Tá an tír fós ar chúl tíortha eile an Aontais sa leibhéal infheistíochta a dhéantar in TF&N agus tá bearna shuntasach nuálaíochta idir MNCanna móra agus FBManna dúchasacha. Tá scóip ann chun feabhas a chur ar acmhainneacht nuálaíochta FBManna na hÉireann trí aghaidh a thabhairt ar chuid de na tosca a chuireann isteach ar ghníomhaíocht TF&N, lena n-áirítear easpa maoinithe, costais nuálaíochta agus easpa fostaithe oilte. Cé go bhfuil cúnaimh deontais ann, leagann an beartas nuálaíochta béim ar chreidmheasanna cánach chun infheistíochtaí T&F ar leibhéal gnólachtaí a spreagadh. Tá na creidmheasanna cánach sin éifeachtach ach thioctadh dó nach mbeadh siad ina dtairbhe mhór ag gnólachtaí nuathionscanta ná ag gnólachtaí óga nuálacha in earnálacha atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh uirlisí eile a bheith ag teastáil amhail ráibrásaí nuálaíochta, rátháíochtaí iasachta, ionstraimí airgeadas riosca nó tionscnaimh chun cumais nuálaíochta a fhorbairt. Is spás gníomhach beartais agus clár é seo in Éirinn inar tháinig roinnt tionscnaimh mhaoinithe nua chun cinn mar Chlár Chiste Síolta Nuálaíochta na hÉireann agus Scéim Iasachta Thionchar an Bhreathimeachta. D'fhéadfaí tionscnaimh dheontais fheabhsaithe TF&N a fhiosrú a thabharfadh aghaidh freisin ar leibhéil ísle maoinithe T&F an Rialtais. Le déanaí, tá tionscnaimh dheontais nua TF&N, amhail an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, tar éis dhéine maoiniú díreach na hÉireann a threisiú. Léiríonn an glacadh móréilimh ar ionstraimí den sórt sin an t-éileamh i ngeilleagar na hÉireann ar mhodhanna idirghabhála den sórt sin.

Torthaí an Chomhairliúcháin

D'aontaigh aighneachtaí, cé go meastar go bhfuil Éire ina nuálaí láidir i gcomhthéacs an AE, go dtagann sí taobh thiar de thíortha eile an AE i dtéarmaí leibhéal na hinfheistíochta in TF&N. I mbeagán focal, níor choinnigh caiteachas poiblí ar TF&N suas le hinfheistíocht ghnó mhéadaitheach sa cheantar, rud a fhágann go bhfuil Éire ag scóráil i bhfad faoi bhun mheán an AE i dtaca le hinfheistíocht an Rialtais i dtaighde agus i nuálaíocht. Ina theannta sin, le paidéim COVID-19, tarraingíodh aird mhór ar an ngá le hinfheistíocht níos mó in éiceachóras an taighde.

4. Scórchlár Nuálaíochta na hEorpa 2021

Is iad na OATna agus na hEagraíochtaí um Fheidhmíocht Taighde (EFTna) réigiúnacha na fórsaí tiomána a sainaitníodh sna haighneachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun éiceachóras TF&N níos láidre agus níos aontaithe a ghiniúint. Tugadh ar aird sna haighneachtaí gur gá comhlachtaí móra, FBManna agus IAOnna a thabhairt le chéile chun comhréimsí le haghaidh taighde agus forbartha a shainaithe; comhoibriú maidir le nuálaíochtaí comhroinnte nuair a fhorbraítear iad; córas leathnaithe meantóireachta FBManna ag gnólachtaí móra; comhpháirtíochtaí slabhra soláthair a fhorbairt; agus meicníochtaí maoinithe níos cuimsithí. Chuir roinnt aighneachtaí béim ar chur chuige tras-chomhoibríoch i leith TF&N le lucht déanta beartas, institiúidí taighde, an saol acadúil, pobail agus lucht tionscail chun aghaidh a thabhairt ar réimsí trasearnála amhail fiontraíocht, fuinneamh agus iompar. Is trí bhraislí agus trí mhoil nuálaíochta hibrideacha a chruthú ab fhearr a d'fhéadfaí comhoibriú trasdisciplíneach a bhaint amach.

Chuir go leor aighneachtaí béim ar na cúiseanna le glacadh íseal TF&N san earnáil dhúchasach FBM. Leagadh béim ar go leor dúshlán lena n-áirítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach, easpa feasachta, an fócas ar mharthanais láithreach gnólachta, easpa pearsanra tiomnaithe agus easpa ama ó thaobh na bainistíochta sinsearaí de, chomh maith le hábhair inní faoi chostais i gcoinne toradh agus cailteanas i sciar an mhargaidh. Dá réir sin, níor baineadh leas den chuid is mó as comhpháirtíochtaí féideartha idir FBManna agus IAOnna. Tá sé deacair freisin do ghnólachtaí beaga nascleanúint a dhéanamh ar an tírdhreach taighde in Éirinn agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfaidís leas a bhaint as saibhreas na maoinne intleachtúla (IP) agus an saineolais atá á dtairiscint i bPróisis Earcaíochta Seachfhoinsithe.


Iarradh in aighneachtaí go ndéanfaí infheistíocht bhonneagair mhéadaithe agus comhoibriú idir an tionscal agus an saol acadúil, mar aon le tacaíochtaí airgeadais do FBManna, amhail deontais indéantachta agus tacaíochtaí cánach feabhsaithe do T&F, chun a nuálaíocht a spreagadh, chomh maith le naisc agus cumas a thógáil. I measc na moltaí eile bhí béim áit-bhunaithe, samhla maoinithe a bheachtú agus creidmheasanna cánach, chomh maith le struchtúr eagrúcháin a fhorbairt chun comhoibriú idir taighde agus fiontraíocht a úsáid ar bhealach níos fearr.

Tacú le TF&N Feabhsaithe le S3

Cuireann creat tacaíochta fiontraíochta reatha na hÉireann comhoibriú, braisliú agus naisc chun cinn idir IAOnna agus frontair. Tá braisliú ina fhócas straitéiseach freisin d'Fhiontraíocht Éireann (FÉ) agus do GFT Éireann mar mheicníocht chun fás réigiúnach cothrom a chur chun cinn agus chun naisc agus iarmhairtí frontar a neartú. Tacaíonn S3 go mór leis an mBeartas agus leis an gCreat Náisiúnta Braislithe atá le teacht agus beidh sé ina ionchur tábhachtach sa straitéis sin trí láidreachtaí, cumais agus deiseanna earnála réigiúnacha a aithint.

Beidh an líonra nua Ollscoileanna Teicneolaíochta (OTna) ina chuid rithábhachtach den bhonneagar ardoideachais, go háirithe i gcomhthéacs réigiúnach. Forbróidh na OTna tairiscint uathúil taighde faoi stiúir an mhargaidh a thógfaidh ar na tosaíochtaí agus ar na speisialtóireachtaí earnála réigiúnacha a shainaithear in S3. Tacóidh CFRE leis sin.

Is léir an ceanglas maidir le hinfeistíocht chun feabhas a chur ar acmhainneacht digiteála na réigiún. Mar sin féin, tá go leor áiseanna agus deiseanna ar fáil ar fud an réigiúin nach bhfuil barrfeabhsú a dhéanamh orthu mar gheall ar easpa infheictheachta nó ar chastacht rochtana. Tugadh an easpa cumarsáide agus comharthaíochta seo faoi deara mar bhac le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Déanfaidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 iarracht an gá atá le córas TF&N atá furasta a nascleanúint a chur in iúl ar na fóraim iomchuí.



Láidreachtaí
Réigiúnacha agus
Réimsí Deiseanna
faoi S3

Láidreachtaí Réigiúnacha agus Réimsí Deiseanna faoi S3

Príomhghné de S3 is ea acmhainneacht fiontraíochta agus nuálaíochta a bhaint amach i ngach réigiún, agus ar an gcaoi sin éagothromaíochtaí idir réigiúin a laghdú.

Tá dhá cheann de réigiúin NUTS 2 na hÉireann, réigiúin an Oirthir agus Lár Tíre (EMR) agus an Deiscirt (SR) rangaithe ag an gCoimisiún Eorpach, mar “Níos Forbartha”, bunaithe ar a OTI in aghaidh an duine den daonra i gcoibhneas le meán AE 27. Feidhmíonn an dá réigiún sin go láidir i dtéarmaí Eorpacha i réimsí áirithe. In 2021, thug Eurostat dá n-aird gurbh é an mheántáirgiúlacht saothair ab airde san AE í an €161,700 an duine a bhí fostaithe i mBaile Átha Cliath, a bhí beagnach trí huairé chomh hard le meán an AE. Thug Eurostat dá n-aird freisin gur san SR a breathnaíodh an méadú is mó ar tháirgiúlacht saothair i gcoibhneas le meán an AE, áit ar tháinig méadú 170.4 pointe ar tháirgiúlacht i gcoibhneas le meán an AE agus go raibh an dara méadú is mó i réigiún caipitil na hÉireann, EMR, suas 65.8 pointe. Léirítear an pictiúr seo in aschur eacnamaíoch freisin. In 2019, bhí aschur eacnamaíoch in aghaidh an áitritheora dhá oiread níos airde ar a laghad ná meán an AE san EMR agus san SR. Is i réigiúin phríomhchathartha is airde de ghnáth a bhíonn OTI réigiúnach in aghaidh an áitritheora. Ceann den bheagán eisceachtaí is ea an SR.

Mar sin féin, rinne an Coimisiún Eorpach Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWR) a athaicmiú ó “Réigiún Níos Forbartha” go “Réigiún Aistrithe”, mar gheall ar a fheidhmíocht eacnamaíoch agus mar gheall ar thitim in OTI per capita. Tháinig méadú faoi dhó ar an difríocht idir na ceantair NUTS 3 is saibhre agus na ceantair NUTS 3 is daibhre in Éirinn i dtéarmaí oll-bhreislúacha (OBL) per capita idir 2000 agus 2016. Ó tharla comhlachtaí ilnáisiúnta atá iomaíoch ar fud an domhain a bheith suite timpeall ar phríomhlimistéir uirbeacha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, tairgeann na ceantair sin timpeallachtaí gnó agus nuálaíochta atá ag éirí níos fabhraí agus tá ceantair sa NWR, ceantair thuithe agus iargúlta den chuid is mó, ag titim níos mó agus níos mó. Tá sé rithabhachtach go dtuigtear an poitéinseal d’fhás eacnamaíoch sa NWR agus go bhfuil ardú foriomlán ina fheidhmíocht eacnamaíoch agus ina chruthú poist inbhuanaithe d’fhonn an réigiún a thabhairt ar ais chuig stádas “Réigiún Níos Forbartha”. Tá dúshlán ar leith le sárú i bhfianaise struchtúr tuaithe an NWR, mar aon lena shuíomh réasúnta forimeallach agus ar an teorainn. Trí dhul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha freisin déanfar brúnna neamh-inbhuanaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a mhaolú, a bhfuil an chontúirt leo go dtiocfadh leo an bonn a bhaint d’fheidhmíocht fhoriomlán an gheilleagair náisiúnta.

Tá an comhthéacs eacnamaíoch réigiúnach sin léirithe i gcomhthéacs na nuálaíochta réigiúnaí. I dtorthaí Scórchlár Nuálaíocht Réigiúnach an Choimisiúin Eorpaigh in 2021, is é NWR an t-aon Réigiún NUTS 2 in Éirinn atá le rangú mar “Nuálaí Measartha+”, ag taifeadh scór innéacs nuálaíochta idir 70% agus 100% de mheán AE, ach aicmítear an SR agus an EMR mar “Nuálaithe Láidre”.

Is príomhpháirtithe leasmhara iad na Tionóil Réigiúnacha agus na Coistí Stiúrtha do na Pleananna Fiontair Réigiúnacha (PFRanna) i bpróiseas réigiúnach an S3. Is meáin thábhachtacha iad na PFRanna chun beartais agus straitéisí ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear S3, a aistriú ina dtionchair réigiúnacha agus áitiúla. Bhí Speisialtóireacht Chliste ar cheann de na ceithre réimse théamacha a breithníodh le linn fhorbairt na PFRanna go dtí 2024, in éineacht le hathléimneacht agus téarnamh, aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus bealaí nua oibre.

Tá Speisialtóireacht Chliste ar cheann de na príomhphrionsabail eacnamaíocha ar glacadh leo i ngach ceann de na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSEna) reachtúla a d’fhorbair na Tionóil Réigiúnacha. Comhlánóidh S3 obair na SRSEna chun éiceachóras gnó éifeachtach áit-bhunaithe agus margadh-bhunaithe a

chruthú, rud a chuirfidh ar chumas na réigiún uile leas iomlán a bhaint as a mbuntáistí iomaíocha i ndáil le nuálaíocht frontair agus an fás ina ngeilleagair a uasmhéadú go hiomlán.

Dá réir sin, tá na tosaíochtaí a shainaithin na PFRanna agus na SRSEna lárnach sa straitéis seo. Chuir siadsan, mar aon leis na torthaí ó phróiseas comhairliúcháin S3, ar ár gcumas réimsí láidreachta earnála atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a aithint. Ag leibhéal ard, is iad sin:

| Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair | Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre | Réigiún an Deiscirt |
|---|--|--|
| Láidreachtaí Earnála agus réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn | | |
| Ard-Déantúsaíocht agus Innealtóireacht | Ard-Déantúsaíocht | Ard-Déantúsaíocht |
| Agraibhia agus Agraiteic | Closamhairc | Feithicleach/Aeraspás |
| Closamhairc/Cruthaitheach | Bithchógaisíocht/Eolaíochtaí Beatha | Dearadh |
| TFC agus Seirbhísí TFC | Innealtóireacht | Seirbhísí Airgeadais |
| Eolaíochtaí Beatha, Teicneolaíocht an Leighis agus Feistí Leighis | Seirbhísí Airgeadais/Teicneolaíocht Airgeadais | Bia/ Agraiteic |
| An Geilleagar Muirí agus Gorm | Bia/Agraiteic | TFC |
| Fuinneamh in-athnuaite, maolú ar an Athrú Aeráide agus inbhuanaitheacht | TFC | Cúrsaí Mara/Muirí |
| | | Cógaisíocht/ Teicneolaíocht an Leighis |
| | | Fuinneamh In-athnuaite |

D'aithin S3 fo-earnálacha agus nideoga laistigh díobh sin a mheastar a bheith ríthábhachtach dá réigiún agus dá gceantair. Athraíonn siad sin de réir réigiúin, ag brath ar na hacmhainní sonracha agus ar an mbonneagar atá ar fáil do réigiúin agus déileáiltear leo ar bhealach níos doimhne sna caibidlí réigiúnacha aonair i bpríomhdhoiciméad an S3.

Is cuid ríthábhachtach den S3 iad na hearnálacha sin agus leagann siad béim ar an áit ar bhraith páirtithe leasmhara gur cheart an infheistíocht a dhíriú sa chéad timthriall eile de CFRE.



Spriocanna
Straitéiseacha agus
Táirgí Insoláthartha S3

Spriocanna agus Táirgí Insoláthartha S3

Agus láidreachtaí, dúshláin agus deiseanna na hÉireann go dtí 2027 á mbreithniú, sainnithníodh roinnt spriocanna straitéiseacha do S3. Tacóidh na spriocanna sin le hiarrachtaí leanúnacha na hÉireann dul i ngleic le dúshláin na todhchaí a d'aithin ár bpáirtithe leasmhara trí thacú le próiseas na Speisialtóireachta Cliste i ngach gné. Tá táirgí insoláthartha ardleibhéil ag gabháil leo a chinnteoidh go mbainfear amach na spriocanna sin. Tacófar tuilleadh leis na spriocanna agus leis na táirgí insoláthartha sin le liosta níos gráinní de ghníomhaíochtaí a leagfar amach in iarscríbhinn amach anseo. Is iad spriocanna agus táirgí insoláthartha S3:

Spriocanna Straitéiseacha Ardleibhéil

1

Nascfaidh ár Straitéis nua um Speisialtóireacht Chliste beartas náisiúnta agus réigiúnach fiontraíochta agus nuálaíochta, ag nascadh na SRSEna reachtúla, Pleananna Fiontair Réigiúnacha, Tionchar 2030: Straitéis na hÉireann um Thaighde agus Nuálaíocht agus beartais náisiúnta eile agus tabharfaidh sé comhleanúnachas beartais níos mó ag leibhéil éagsúla rialachais.

Bainfear é sin amach trí:

- Grúpa Náisiúnta Forfheidhmithe um Speisialtóireacht Chliste a thionól chun lucht déanta beartas nuálaíochta réigiúnach agus náisiúnta a thabhairt le chéile;
- Leanúint de bheith ag díriú ar naisc a shainnithint agus ar shineirgí a shaothrú idir straitéisí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha; agus
- Ionchur a sholáthar, bunaithe ar léargais speisialtóireacht chliste, i bhforbairt straitéisí agus beartas nua thar shaolré S3.

2

Tacóidh Speisialtóireacht Chliste le Ciste Forbraíocht Réigiúnach na hEorpa a ghlacadh in Éirinn trí thacú le cuspóir beartais 1 'Eoraip níos cliste'

Bainfear é sin amach trí:

- Faomhadh Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste ag an gCoimisiún Eorpach.

3

Feabhsóidh an Speisialtóireacht Chliste an cumas taighde agus nuálaíochta i réigiúin na hÉireann.

Bainfear é sin amach trí:

- Déine T&F Gnó a tharlaíonn ar fud na réigiún go léir a mhéadú, le béim ar leith ar réigiúin tearcfheidhmíochta, trí idirghabhálacha gníomhaireachta nua agus feabhsaithe a sholáthar le béim ar leith ar chomhar acadúil-tionscail a neartú ar fud na hÉireann.

4

Trí Speisialtóireacht Chliste, spreagfar TF&N atá níos scaipthe ar bhonn réigiúnach, neartóidh sé an bonn fiontraíochta agus sainnithneoidh sé réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Bainfear é sin amach trí:

- Anailís ar láidreachtaí réigiúnacha agus ar réimsí deiseanna atá ag teacht chun cinn a ghairáil agus tógáil orthu mar chuid d'fhorbairt S3 na hÉireann;
- Aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna bonneagair agus sna córais nuálaíochta réigiúnacha atá ann cheana trí chistiú nua, trí thacú le tionscadail atá ailínithe leis na naoi bPlean Fiontair Réigiúnacha go dtí 2024 (PFRanna); agus
- Deiseanna a lorg chun comhoibriú idir-réigiúnach a chumasú trí struchtúir Chur Chun Feidhme PFR.

5

Méadóidh an Speisialtóireacht Chliste an glacadh a bhíonn le hardteicneolaíochtaí nua sna réigiúin chun réimse an chlaohlaithe ghlais agus dhigitigh a mhéadú ar fud fhiontar na hÉireann.

Bainfear é sin amach trí:

- Tacaíochtaí feabhsaithe a thugann tosaíocht d'aistriú eolais agus do chomhar idir lucht acadúil agus tionscail, bunaithe ar anailís agus ar thorthaí ár speisialtóireachta cliste lena n-áirítear idirghabhálacha le fócas ar leith ar chomhar acadúil-tionscail a neartú ar fud na hÉireann.

6

Spreagfaidh Speisialtóireacht Chliste forbairt na scileanna a theastaíonn chun gníomhaíocht nuálaíochta a fheabhsú ar fud an gheilleagair.

Bainfear é sin amach trí:

- Tacaíochtaí nua agus feabhsaithe bunaithe ar na scileanna riachtanacha a chruthú don nuálaíocht 'faoi stiúir riachtanas', a gcuirfidh anailís agus torthaí ár speisialtóireachta cliste bonn eolais fúthu.

7

Spreagfaidh Speisialtóireacht Chliste an leas is fearr agus is féidir a bhaint as láidreachtaí earnála trí bhraisliú agus trí scálú a dhéanamh ar na réimsí taighde barr feabhais atá ann cheana in Éirinn.

Bainfear é sin amach trí:

- Tacú le creat beartais Braisliú Náisiúnta nua a fhorbairt trí láidreachtaí, cumais agus deiseanna earnála réigiúnacha agus náisiúnta a shainaithint; agus
- Tacú le huas-scálú líonra reatha na hÉireann d'áiseanna agus de bhraisli náisiúnta T&F trí chreat náisiúnta comhleanúnach a bhunú do S3, agus trí dheiseanna a leagan amach atá ann cheana laistigh de réigiúin na hÉireann.

8

Mar thoradh ar Speisialtóireacht Chliste beidh infheictheacht agus comhleanúnachas níos mó ar an gcóras nuálaíochta i réigiúin na hÉireann go náisiúnta agus san Eoraip araon.

Bainfear é sin amach trí:

- Nós imeachta cur chun feidhme faireacháin agus rialachas S3 a bhunú ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;
- Spriocanna, cur chuige agus tosaíochtaí S3 a ionchorprú i dTionchar 2030: Straitéis na hÉireann um Thaighde & Nuálaíocht;
- Rannpháirtíocht leanúnach le S3 in Éirinn ag an gCoimisiún Eorpach.

Trí chlár CFRE na hÉireann, tabharfar tacaíocht fhorleathan do tháirgí insoláthartha na Speisialtóireachta Cliste, faoi réir cheadú an Choimisiúin Eorpaigh, a bhfuil sé mar aidhm acu gníomhaíocht TF&N a fheabhsú trí thacaíochtaí comhoibríthe nua, cumas feabhsaithe T&F IAOnna agus tionscnaimh úra deontas nuálaíochta. Tá sé beartaithe freisin an fhiontraíocht réigiúnach a threisiú trí infheistíocht sna hOllscoileanna Teicneolaíochta, ról na n-institiúidí breisoideachais agus ardoideachais a ghíaráil mar ancairí don fhiontar agus don fhás réigiúnach. Tá dréachtchlár CFRE bunaithe go forleathan ar an straitéis seo agus áirítear leo méadrachtaí sonracha ar leibhéal an chláir chun tionchar spriodchíríthe a áirithiú. Trí thacú le hobair na glár seo, cruthófar breisluach nua d'Éirinn agus cuirfidh sé chun cinn buntáistí réigiúnacha agus náisiúnta sa todhchaí ar fud réimsí éagsúla.


Ar bhonn níos leithne, cuideoidh S3 le fócas réimse meicníochtaí maoinithe eile a threorú ar fud an Rialtais, lena n-áirítear Horizon Europe, atá dírithe ar chomhar méadaithe a chur chun cinn ar fud an taighde agus na nuálaíochta, na tionsclaíochta agus na hearnála ardoideachais, agus a n-ailíniú le CFRE a chinntiú.



Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm S3

Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm S3

Déanfar monatóireacht agus cur i bhfeidhm ar S3 na hÉireann trí phróiseas il-leibhéal ina mbeidh páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha páirteach.



Aithnítear go mbeidh na PFRanna ina bhfeithiclí tábhachtacha chun S3 a aistriú ina thionchar réigiúnach agus áitiúil. Cinnteoidh grúpálacha na bpáirtithe leasmhara seo aiseolas rialta ón EDP freisin. Beidh réimsí tosaíochta aitheanta S3 ina mír ar an gclár oibre le plé faoi stiúir chomhalta an Tionóil Réigiúnaigh ag Coistí Stiúrtha na PFRanna. Suífidh na Tionóil Réigiúnacha ar gach Coiste Stiúrtha PFR, ag cinntiú go mbeidh tosaíochtaí S3 (comhaontaithe agus atá ag teacht chun cinn araon) fós ina gceist bheo ar leibhéal áitiúil.

Is fóram den scoth iad na PFRanna don rannpháirtíocht seo toisc gur fearr a bhíonn gníomhairí réigiúnacha agus áitiúla in ann láidreachtaí réigiúnacha a thuiscint, treochnaí a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí réigiúnacha. Beidh S3 ina mhír i dtuarascálacha dul chun cinn meántearma agus deiridh na PFRanna. Chomh maith leis na tuarascálacha sin, cuirfidh Aonad Pleananna Fiontair Réigiúnach agus Tionscnamh RFTF nuashonrú ar fáil do ghrúpa forfheidhmithe náisiúnta S3.

Déanfaidh trí ghrúpa forfheidhmithe réigiúnacha comhordú NUTS 2 a bhainistiú, a mbeidh trí ról acu:

1. Táscairí agus uirlisí faireacháin a úsáid, ach gan a bheith teoranta dóibh, amhail “Monatóir Forbairt Réigiúnach” na dTionól Réigiúnach atá á fhorbairt ag an bhFaireachlann Taighde Uile-Oileáin (AIRO) in Ollscoil Mhá Nuad, chun bonn eolais a chur faoina gcuid oibre ar threochnaí agus ar fhorbairtí nuálaíochta réigiúnacha, chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur chun

feidhme S3, agus torthaí a chur faoi bhráid ghrúpa forfheidhmithe náisiúnta S3. Tá sé sin ag teacht leis an moladh ón gCoimisiún Eorpach úsáid a bhaint as uirlisí anailíseacha agus faisnéiseacha.

2. Trí rannpháirtíocht ar naoi gCoiste Stiúrtha na PFRanna, cinnteoidh comhalta an Tionóil Réigiúnaigh (a) ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus tacóidh sé le réimsí tosaíochta réigiúnacha nua a shainathint bunaithe ar a n-anailís, a léargais réigiúnacha agus a rannpháirtíocht dhírithle le páirtithe leasmhara, agus (b) léargas agus faisnéis thrasréigiúnach a bhailiú ar fhorbairtí a bhaineann le S3 agus ar chur chun feidhme ar leibhéal réigiúnach, comhordaithe agus tuairiscithe don ghrúpa forfheidhmithe náisiúnta. Déanfaidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 na léargais sin a mheas agus a phlé.
3. Is féidir le grúpaí réigiúnacha cur chun feidhme tuilleadh anailíse a dhéanamh ar réimsí tosaíochta réigiúnacha roghnaithe, arna gcomhordú agus arna stiúradh ar leibhéal NUTS 2, de réir mar is gá chun bonn eolais a chur faoi phlé ghrúpa cur chun feidhme náisiúnta S3 agus faoi chur chun feidhme ag an leibhéal réigiúnach. Soláthróidh na grúpaí tacaíocht cur chun feidhme freisin ar leibhéal NUTS 2 chun tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha S3 a sheachadadh, mar a aontaíodh, agus comhsheasmhach le hobair an ghrúpa náisiúnta cur chun feidhme.

Tiocfaidh na grúpaí sin le chéile roimh chruinniú sé mhí ghrúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 chun a thuarascálacha dó sin a éascú. Tuairisceoidh na trí ghrúpa réigiúnacha cur chun feidhme ailíniú leanúnach S3 le caiteachas CFRE agus torthaí níos leithne trí mhonatóireacht táscairí agus taighde eile de réir mar is ábhartha. Beidh sé sin i bhfoirm aighneachta i scríbhinn chuig grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3. Ina theannta sin, déanfar athbhreithniú meántearma iomlán le linn shaolré CFRE lena bhféadfar faireachán a dhéanamh ar tháscairí réigiúnacha NUTS 2 atá ábhartha do chur chun feidhme S3.

De réir rialacháin an Choimisiúin Eorpaigh, bunófar grúpa náisiúnta forfheidhmithe atá freagrach as S3 a bhainistiú. Cinnteoidh an grúpa forfheidhmithe náisiúnta seo go gcomhlíonfar gach critéar cumasúcháin S3 ar an leibhéal náisiúnta. Cinnteoidh sé go sainaithneofar struchtúir rialachais agus mhonatóireachta S3, mar aon le leasanna réigiúnacha laistigh de S3. Tabharfaidh sé sin luach breise do phróiseas an S3 trí bhearnaí a líonadh idir beartas náisiúnta agus cur chun feidhme réigiúnach. Beidh an grúpa freagrach freisin as comhleanúnachas agus as cur chun cinn phrionsabail S3 a chinntiú ar fud an rialtais ar fad.

Déanfaidh sé maoirseacht ar sheachadadh tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus réigiúnacha S3 trí cheannasaithe beartais ábhartha a thabhairt le chéile, chomh maith le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí gaolmhara a bhfuil baint dhíreach acu le cur i bhfeidhm de réir mar is gá. Díreoidh sé ar bheartú tosaíochta agus ar phleanáil gníomhaíochta chun comhdhearcadh réigiúnach atá ag teacht chun cinn a shainathint maidir le forbairtí eacnamaíochta agus nuálaíochta trasearnála, ag cinntiú go mbíonn ailíniú leanúnach ann idir beartais náisiúnta fiontraíochta agus nuálaíochta agus S3.

Tiocfaidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 le chéile gach sé mhí, bunaithe ar nuashonruithe rialta ó na PFRanna agus ó na Tionóil Réigiúnacha. Mar aon lena dtorthaí monatóireachta féin, ullmhóidh grúpa forfheidhmithe náisiúnta S3 tuarascáil leathbhliantúil ina leagfar amach an chaoi a bhfuil S3 ag dul chun cinn sna comhthéacsanna náisiúnta agus réigiúnacha.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland